# Plean Scoile Don Gaeilge

## Ceann Eitigh Scoil Náisiúnta
## Kinnitty National School

**Réamhráiteas:**
Cuireadh an plean le chéile ag deireadh an scoilbhliain 2020/2021. Athbhreithniú ar Phlean Gaeilge atá anseo Tá an plean bunaithe ar riachtanaisí na múinteoirí, na scoile agus an churaclaim.
Tá an Ghaeilge tábhachtach mar ábhar scoile. Teanga bheo cumarsáide i an Ghaeilge. Is cuid d'ár n-oidhreacht í. Cuireann foghlaim na Gaeilge ar chumas an pháiste teangmháil a dhéanamh leis an gcultúr Gaelach mar go bhfuil an teanga agus an cultúr fite fuaite le chéile.

Tá gá leis an bplean seo:

- Chun fís soiléir a bheith againn don Ghaeilge agus chun cabhrú linn Curaclam na Gaeilge a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus a chur in oiriúint d'ár scoil .
- Chun a bheith cinnte go bhfuil leanúnachas againn ón gcead lá a thagann naíonáin ar scoil go dtí an lá a fhágann siad an scoil.
- Chun an Cur Chuige Cumarsaideach a chur i bhfeidhm sa scoil
- Chun go mbeidh tuiscint soiléir ag gach múinteoir ar na haidhmeanna atá againn don Ghaeilge agus chun go mbeidh treoir cinnte againn i múineadh agus in úsáid na Gaeilge
- Mar áis scoile le haghaidh múinteoirí nua/ionadaithe
- Chun eolas a thabhairt do dhaoine nua ag obair sa scoile.
- Chun comhthéacs a chruthú d'usáid na Gaeilge sa scoil.
- Chun dea chleachtadh a chothú

**Comhthéacs na Scoile:**
Tá Scoil Ceann Eitigh suite i sráidbhaile i Co. Uíbh Fhailí. Is scoil beag í seo le cúigear oide, beirt múinteoir feabhais agus múinteoir achmhainne a bhfuil roinnte le scoil eile. Tá níos mó ná chéad daltaí, idir bhuachaillí agus cailíní ag freastal ar an scoil. Tá an scoil suite i lár áite le cultúr oidhreacht láidir. Tá féiniúlacht chultúrtha an-thábhachtach do na pháistí.

**Fís agus Aidhmeanna:**
Is e an fís atá againn sa scoil seo don Ghaeilge ná:

- Go bhfoghlaimeoidh na páistí an Ghaeilge go héifeachtach agus le taitneamh
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a cruthú le múinteoirí na scoile
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a cruthú le tuismitheoirí na scoile
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a cruthú le daltaí na scoile agus go mbeidh caighdéan maith bainte amach acu san éisteacht, sa labhairt, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht

Is iad na aidhmeanna atá againn sa scoil seo don Ghaeilge ná:

- An Ghaeilge a úsáid i rith an lae, tríd na scoile, mar ghnáth theanga beo bhríomhar cumarsáide a bhfuil réadúil agus a bhaineann le saol an pháiste

- Go mbainfeadh na páistí amach caighdeán árd labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta roimh dheireadh a mbunoideachais.
- Go ndéanfaí forbairt ar éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht ar bhealach comhtháite
- Ceangail a dhéanamh idir na snáitheanna trí cabhair ó hábhair eile
- Múineadh na Gaeilge a bheith spéisiúil, taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge
- Suim a forbairt sa theanga, dúil sa Gaeilge a chothú, tuiscint sa Ghaeilge agus sa chultúr a chothú
- An Ghaeilge a úsáid mar ghnáth teanga chaidrimh na scoile

**Ábhar an Phlean:**

**Curaclam na Gaeilge: Cur Chuige Cumarsáideach**

Is ar churamarsáid agus ar úsáid na teanga mar ghnáth-theanga beo a leagtar béim sa churaclam Gaeilge. Ciallaíonn cumarsáid go mbíonn na páistí ag caint agus ag éisteacht lena chéile, ag scríobh teachtaireachtaí nó nótaí chuig a chéile agus á léamh. I bPlean na Gaeilge tá an bhéim ar an gcumarsáid. I ngach gné den ábhar, na snáitheanna, an t-ábhar teagaisc agus foghlama agus na modhanna múinte cuirtear forbairt na cumarsáide chun tosaigh.

Bíonn trí thréimhse ag baint le teagasc agus foghlaim na Gaeilge:

| | |
|---|---|
| **Réamhchumarsáid** | Aithris agus athrá, Cleachtadh Cluichí gramadaí, Gníomhaíochtaí faoi threoir |
| **Cumarsáid** | Rólanna i suímh réalaíocha agus insamhlaithe, Drámaíocht, sceitsí, Díospóireachtaí, Saorúsáid na teanga |
| **Iarchumarsáid** | Féachaint siar; Cleachtaí gramadaí, Cluiche breise cosúil le Leadóg Focail, Féachaint ar aghaidh |

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir i bhforbairt na cumarsáide. Spreagann sí/sé na daltaí le hábhar suimiúil a bhfuil aige le saol na bpáistí. Moltar don mhúinteoir an Ghaeilge a úsáid, go neamhfhoirmiúil, sa rang le haghaidh caidrimh agus bainisteoireachta. Sa tslí seo is feidir leis an bpáiste a bheith gníomhach san fhoghlaim. Beidh sé/í in ann na feidhmeanna teanga a úsáid, mar shampla slán a fhágáil, ceist a chur, freagra a thabhairt srl. Caithfidh an páiste an teanga a úsáid chun í a fhoghlaim go héifeachtach.

**Feidhmeanna Teanga:**

Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla cuireadh a thabhairt, rud a iarraidh, cead a lorg, mian a chur in iúl, srl. Is iad na feidhmeanna teanga croí-lár an churaclam

Ghaeilge, agus beidh said le comhlíonadh i ngach gné den chumarsáid, pé acu ag éisteacht, ag labhairt, ag léamh nó ag scríobh atá an páiste.

Is iad na catagóir d'fheidhmeanna ná;

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Dul i gcion ar dhuine
- Struchtúr a chur ar chomhrá
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Bíonn an múinteoir ag cur na feidhmeanna seo san áireamh nuair a bhíonn sé/sí ag ullmhú ceachta, agus úsáideann sé/sí na heiseamláirí (samplaí) teanga go neamhfhoirmiúil i rith an lae chun iad a shuíomh i gcomhthéacs réalaíoch an tseomra ranga agus chun iad a dhaingniú.

Beidh liosta d'eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga le feiceáil i ngach seomra ranga agus ag gach múinteoir. Tá an gréille seo le húsáid i ngach rang ó Naíonáin Sóisearacha go dtí Rang a Sé mar **'Frása na Seachtaine' (Aguisín 1).**

**<u>Snáitheanna an Curaclaim:</u>**

**<u>Éisteacht:</u>**

Tá an tábhacht ag baint le héisteacht i sealbhú na teanga. Tá na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil sa timpeallacht. Tá sé fíorthábhachtach an teanga a úsáid go neamhfhoirmiúil i gnáth cúrsaí an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn cosúil le:

- Éisteacht go neamhfhoirmiúil sa ranga agus sa scoil; bainisteoireacht ranga, múinteoirí ag cumarsáid le chéile, frása na seachtaine agus ag usáid TG4 mar fearas
- Éisteacht go foirmiúil; rainn, tascanna éisteachta –éist agus tarraing, dánta, éisteacht le scéalta, nuacht phearsanta, sceitsí agus seanfhocail

**<u>Labhairt: (Aguisín 1)</u>**

Tá sé tábhachtach go mbeidh na páistí in ann labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil spéis acu iontu agus go mbeidh siad in ann caidreamh bunúsach sóisialta a dhéanamh. Chun an aidhm seo a bhaint amach mealltar na páistí chun labhairt i nGaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir;

- **I rith an lae** - Dia Dhuit, teachtaireacht / dul go dtí an leithreas

- **Cluichí sa Chlós** – Deir Ó Grádaigh, Cén tam é a Mhactíre? **(Aguisín 2)**
- **Ag labhairt go foirmiúil le linn an rang Ghaeilge** - cluichí teanga, scéalaíocht, ról-ghlacadh
- **Sa rang agus sa scoil -** am lóin, treoracha, beannachtaí
- **Ócáidí speisialta –** Lá Bréithe, Oíche Shamhna, An Nollaig, An Cáisc
- **Labhairt go foirmiúil sa cheacht –** páistí ag labhairt go simplí faoi na topaicí agus na teamaí

**<u>Léitheoireacht: (Aguisín 3)</u>**

Déantear na scileanna réamhleitheoireachta a fhorbairt go hiomlán chun suim na ndaltaí a mhuscailt san fhocal clóbhuailte. Bainfear usáid as teasc leabhair, leabhair scéalta agus leabhair móra freisin. Tugann an léitheoireacht eolas, pléisiúir agus taitneamh don léitheoir

Tosaíonn clár ullmhúcháin don litreacht go neamhfhoirmiúil le leanúnachas gach bhliain;

- **I ranganna na naíonán** - rainn, cluichí teanga, amhráin agus pictiúr leabhair, scéalta, lipéidí sa seomra ranga, na leabhair mhóra chomh maith le teanga bhainistíochta ranga
- **I Rang 1 go dtí Rang 3** - prionta sa timpeallacht, leabhair léitheoireachta ranga, dánta, amhráin leabhair beag simplí le héagsúlacht téacs agus seánraí, nuacht phearsanta
- **I Rang 4 go dtí Rang 6** - leabhair léitheoireachta ranga, dánta, amhráin tascanna leitheoireachta - abairtí a chur in ord, léigh agus tarraing pictiúr
- **Sa timpeallacht** – lipéid agus fógraí sa seomra ranga agus timpeall an scoile. Mar shampla, 'Tá dath buí ar an mballa, Cuir do bhruscas isteach anseo, Siúl go ciúin'

**<u>Scríbhneoireacht: (Aguisín 4)</u>**

Tarlaíonn tús na scríbhneoireachta go neamhfhoirmiúil i gcomhthéasc, sa Naíonáin le cóipeáil frásaí agus focail. Bunaitear an scríbhneoireacht ar ghneithe den éisteacht, den chomhrá is de na dánta, rannta agus scéalta atá déanta ag na paistí. Méadaíonn an méid a scríobhann siad ó bhliain go bliain.

Tuigimid go bhfuil gá le cleachtadh i scríbhneoireacht fheidhmiúil agus chruthaitheach agus go bhfuil cleachtadh agus taithí ag teastáil ó na páistí chun scil na scríbhneoireacht a fhorbairt go leanúnach. Tá gá le seo ionas go mbeidh siad ábalta feabhas a chur ar a n'iarrachtaí.

Tá an ghramadach á fhoghlaim ag na páistí go neamhfhoirmiúil ó ranganna naíonáin ar aghaidh trí éisteacht leis an teanga á labhairt sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile. Tá béim ar úsáid agus cumarsáid i bhfoghlaim na gramadaí agus tá sé comhthaite leis an leitheoireacht agus and scríbhneoireacht freisin.

Forbairt an scríbhneoireacht;

- **I ranganna na naíonán go Rang a Dó:** Tús an Scríbhneoireacht (go neamhfhoirmiúil) – saor scríbhneoireacht **(Aguisín 5)**, pictúirí a tharraingt agus lipéid a dhéanamh, abairtí a chóipeáil bunaithe ar na téamaí agus an timpeallacht, cártaí poist, mo Nuacht Phearsanta
- **I Rang a Trí go Rang a Sé:** saor scríbhneoireacht **(Aguisín 5)**, céisteanna an scéal a fhreagairt, cleachtaí ar phointí gramadaí a scríobh, bearnaí a líonadh, scéaltaí a scríobh, agallaimh a scríobh, abairtí agus pictiuirí a mheatsáil, crosfhocail a dhéanamh, focail a chur in ord, abairtí a chur in ord, difriochtaí a aimsiú/botúin a aimsiú, frásaí a chur in abairtí, litreacha agus cárta, sraith pictiúr a chur in ord agus scéal a scríobh, dialann simplí a choimeád, mo Nuacht Phearsanta mar scéal

**<u>Téamaí & Straitéisí:</u>**

**Téamaí:**
Mé Féin, Bia, Sa Bhaile, An Teilifis, Ar Scoil, Éadaí, Caitheamh Aimsire, Siopadóireacht, An Aimsir, Ocáidí Speisialta
**Straitéisí:**
Pictúirí ildaite, dean cur síos ar an bpictúir, ainmnigh na rudaí a fheiceann tú sa phictúir, nuacht Shimplí phearsanta, cluichí teanga a imirt, Drámaí –mar shampla; An Nollag, Óiche Shamhna, An Siopa; ról ghlacadh a chleachtadh ag leibhéal shimplí agus í suíomh éagsúla, Scéalta Gearra, Filíocht, Rannta le hathrá a aithris, Amhráin a chanadh, Dánta, Rabhlóga, Seanfhocail
**Gaeilge Neamhfhoirmiúil:**
Cloisfidh na leanaí an Ghaeilge in úsáid mar ghnáth theanga cumarsáide. Úsáidtear an Ghaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae.
Bainfear úsaid as an straitéisi seo chun an Ghaeilge neamhfhoirmiúil a chur chun cinn:

- Sa rang- am rolla, am lóin, ag tús an lae, am dul abhaile, i gcomhair teachtaireachtaí
- Bainistiú ranga i nGaeilge chomh minic agus is féidir
- Spreagadh na páistí teachtaireacht a thabhairt, cead a iarraidh agus cabhair a lorg go nádúrtha as Gaeilge

- 'Seachtaine na Gaeilge' gach bhliain
- Prionta sa timpeallacht le feiceáil timpeall na scoile
- Féachaint ar TG4
- 'Frásaí na Seachtaine' le feiceáil go soiléir ar bhord na bhfógraí

**Pleanáil:**

**An Múinteoir:**

Beidh gach oide freagrach as an bplean bhliaintiúil dá rang fein. Tógfaidh sé seo san áireamh na deich teamaí atá leagtha amach sa churaclam Gaeilge. Leanfaidh gach oide an plean le haghaidh múineadh na feidhmeanna teanga mar.

Déanann gach múinteoir ranga pleanáil fhadtéarmach agus pleanáil ghearrtéarmach bunaithe ar Churaclam na Bunscoile don Ghaeilge agus ar an bplean seo. Ag deireadh na míosa déanann gach múinteoir cúntús ar an nGaeilge atá múinte agus foghlama ag páistí le linn na míosa.

**Áiseanna:**

Baintear úsáid as réimse leathan téascanna agus áiseanna agus degnáth bíonn leabhar ag an múinteoir & leabhair ag na paistí chomh maith le dlúthdhiosca, le scéalta, amhráin & dánta.

- Breagáin
- Bosca eadaigh le haghaidh ról imirt
- Pictúir & postaer
- Puipéad
- An tidirlíon
- Fíor-rudaí

**Éagsúlacht Cumais:**

Freastalóidh an clár Gaeilge ar gach páiste sa rang agus cuirfear deiseanna ar fáil chun go mbainfidh gach paiste taitneamh as. Is ar éisteacht agus labhairt na Gaeilge is mó a bheidh an bhéim nuair a bheidh páistí le riachtanais speisialta san áireamh. Tugtar díolúine ón nGaeilge do pháistí áirithe a chomhlíonnann an critéir ceart agus i gcásanna áirithe téann an dalta chuig an múinteoir feabhais nuair a bhíonn an Ghaeilge ar siúl sa seomra ranga. Uaireanta eile, le linn an cheacht Ghaeilge a bheith ar siúl bíonn an páiste sa seomra ranga ag déanamh a c(h)uid oibre féin.

**Comhtháthú le hábhair eile**

Nuair a féidir, déantar an Ghaeilge a chomhthathú leis na hábhair seo a leanas – Corp Oideachais, Ceol agus Ealáin.

**Measúnú**

- Dírbhreathnú an mhúinteora
- Tascanna agus triallacha deartha ag an múinteoir
- Measúnu ar an bhfoghlam
- Bailiúchán d'obair na bpáistí
- Obair Bhaile

**Gnéithe eile**

Bíonn cúrsaí Gaeilge le fáil lasmuigh den scoil agus bíonn na billeoga le feiscint sa seomra foirne le hagaidh forbairt foirne maidir le Forbairt Leanúnach Proifisiúnta i dtaobh na Gaeilge san Ionad Oideachais agus roinntear an bhfoghlaim i measc na múinteoirí má fhreastalaíonn múinteoir ar chúrsa inseirbhíse.

Tríd is tríd níl Ghaeilge ag triomlach na dtuistí ach tá roinnt mhaith acu dearfach i leith na Ghaeilge. Iarr ar na tuismitheoirí (más féidir leo) cabhrú leis obair bhaile na páistí leis an obair bhaile. Bíonn cumarsáid idir na múinteoirí agus na tuismitheoirí i dtaobh dul chun cinn sa Ghaeilge ag cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí.

I gcómhair comhionannas, tugaimid an deis céanna do chailiní agus do bhuachaillí sa scoil seo. Tá meas againn ar ghach cultúr a thagann chun na scoile.

**Critéir Ráthúlachta**

- Páistí ag labhairt na Gaeilge lasmuigh den cheacht
- Leanann ullmhúchán an mhúinteora an plean
- Aiseolas dearfach ón bhfoireann agus ón pháistí

**Cur i bhfeidhm:**

- **Rólanna agus freagracht:** Ta gach múinteoir freagrach as an bplean a chur i gcrích. Tá sé de dhualgas ag gach múinteoir scéim bliana agus ullumhúcháin gearrthréimhseach a eagrú de réir na moltaí atá sa phlean iomlán agus de réir an cuid den curaclam a bhaineann lena rang féin.
- **Spriocdháta leis an bplean a chur i bhfeidhm:** Ta an plean i bhfeidhm sa scoil.

**Athbhreithniú:**

- **Rólanna agus freagracht:** Beidh foireann na scoile freagrach as seo.
- **Spriocdháta don athbhreithniú:** Pléifear dul chun cinn an phleain go minic. Beidh athbreithniu déanta ar an bplean seo go rialta. Déanfar an chéad athbreithniú eile le linn na scoilbhliana 2020/2021.

**<u>Daingniú agus Cumarsáid</u>**:

Tabharfar cóip den plean scoile seo don mBord Bainistíochta chun moltaí a fháil uathú. Beidh an plean faofa ag an mBord tar éis iniúchadh a dhéanamh air.

Signed: ____________ (Chairperson, BOM) date: 20/5/21

Signed: ____________ (Principal) date: 26/5/21

## Aguisín 1: Labhairt (Fhoirmiúil, Neamhfhoirmiúil & Frásaí na Seachtaine)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Naíonáin:** | Dia duit.<br>Dia is Muire duit<br>Tá fáilte romhat.<br>Slán<br>A mhúinteoir.<br>Tar anseo.<br>An bhfuil tú go maith?<br>Seo é / í. Seo x. Sin X.<br>Tá brón orm. | An bhfuil cead agam dul amach / dul go dtí an leithreas?<br>Tá/Níl.<br>Go raibh maith agat.<br>Suigh síos / seas suas.<br>Stop.<br>Cuir an x ar an mbord.<br>Bí ag siúl.<br>Ná bí ag rith.<br>Ná bí ag caint.<br>Tá mé go maith ag ______________. | An maith leat?<br>Is/ní maith liom.<br>An bhfuil sé go deas / maith?<br>Tá / Níl.<br>Is féidir liom.<br>Ní féidir liom.<br>An féidir leat x?<br>Ceart go leor.<br>Maith thú.<br>Go deas.<br>Go maith.<br>Tá tú an-mhaith.<br>Beidh tú ceart go leor.<br>Bhí … Thit … D'ith … D'ól… | Peann.<br>Sin peann.<br>Is liomsa é.<br>Anseo /as láthair.<br>Tá sé/sí tinn, sa bhaile, as láthair.<br>Níl sé/sí anseo.<br>Tá cnag ar an doras.<br>Tá Liam dána / ag ithe / ag troid.<br>Tá an leabhar ar an mbord.<br>Seo duit an rolla / nóta / litir.<br>Ná bí ag _.<br>Cá bhfuil x?<br>Sa chlós / sa seomra / sa leithreas / sa chófra / sa bhosca.<br>An bhfuil sé (dathanna / gníomhaíochtaí) ?<br>An bhfuil tú tinn?<br>Tá /Níl.<br>Cad atá sa _?<br>Cé hé / hí sin?<br>Cad é sin?<br>An leabhar é?<br>Ní hea / Sea. |
| **Rang a 1 & 2:** | Dia daoibh.<br>Dia is Muire duit/daoibh.<br>Conas atá tú?<br>Slán anois.<br>Slán go fóill.<br>Slán agus go raibh maith agat.<br>Gabh mo leithscéal.<br>An bhfuil sibh réidh/ullamh?<br>Tá/Níl<br>Lá breithe sona duit. | An bhfuil cead agam x a fháil/ mo lámha a ní?<br>Tá / Níl.<br>Ceart go leor.<br>Brostaigh.<br>Ar aghaidh leat.<br>Níl cead agat x a fháil.<br>Go raibh míle maith agat.<br>An féidir linn …….?<br>An bhfuil cead againn …..?<br>Faigh an leabhar rolla/ x.<br>Tóg amach X.<br>Pioc suas na páipéir.<br>Glan an clár dubh<br>Tóg go bog é. | Tá/níl a fhios agam.<br>An bhfuil a fhios agat?<br>Is breá liom.<br>Is fuath liom.<br>Is fearr liom.<br>Ar mhaith leat milseán?<br>Ba mhaith liom / Níor mhaith liom<br>Is fearr liom x.<br>Cé acu is fearr leat?<br>Go dona! | Is madra mór é sin<br>Tá sé/sí ag an bhfiaclóir / i seomra eile / san ospidéal.<br>Thit sé sa chlós.<br>Bhí…………<br>Chuaigh …….<br>Tá / Bhí X ag troid sa chlós.<br>Tá x ag ithe an lóin.<br>Inniu an Luan / Máirt / Céadaoin / Déardaoin / Aoine<br>Seo nóta duit ó ……<br>Tá Niamh tinn.<br>Tá cóta nua ag x.<br>Ná déan é sin.<br>Ar ith/ól tú?<br>D'ith mé / níor ith mé.<br>D'ól mé / níor ól mé.<br>Cad/céard a tharla?<br>Cé leis é seo? |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Ná bí ag pleidhcíocht.<br>Tá mé go hiontach ag __ | | Cén dath atá ar an X?<br>Cathain? (laethanta na seachtaine – inné, ar maidin, ag am lóin)<br>Conas?<br>Cén t-am? (uair)<br>Cé mhéad?<br>Cad is ainm duit?<br>Cén aois tú?<br>Cén rang ina bhfuil tú? |
| **Rang a 3 & 4:** | Dia is Muire duit.<br>Dia is Muire duit is Pádraig.<br>Slán tamall.<br>A dhuine uasal.<br>A bhean uasal<br>Nóiméad amháin más é do thoil é.<br>Éistigí.<br>Maith thú.<br>Mí-ádh. | An bhfuil cead agam an fhuinneog a oscailt/an doras a dhúnadh?<br>Fan go fóill<br>Cén fáth nach féidir linn x a dhéanamh?<br>Suígí síos.<br>Seasaigí suas.<br>Tógaigí amach na leabhair<br>Déanaigí …… Bígí ……… Téigí<br>Lean ort.<br>Ar mhaith leat teacht go dtí mo theach, mo chóisir srl.<br>Ba/Níor mhaith liom.<br>Cá mbeidh sé ar siúl?<br>Cén tam?<br>Cén dáta / lá?<br>Ní féidir liom mar ……..<br>Ar aghaidh leat<br>Ná bígí ag x.<br>Bí/bígí cúramach<br>An bhfaca tú é sin?<br>Ní féidir leat é sin a dhéanamh. | An cuimhin leat?<br>Is/ní cuimhin liom.<br>Níl a fhios agam cá bhfuil …..<br>Níl a fhios agam cé a<br>Tá / Níl mé cinnte.<br>An bhfuil tú cinnte?<br>Cá bhfuil Sinéad?<br>Is dócha go bhfuil sí tinn.<br>Ar mhaith leat?<br>Ba/níor mhaith liom.<br>Is fearr liom x ná y.<br>Ba mhaith liom x.<br>Ar mhaith leat éisteacht leis an …?<br>Ba mhaith liom.<br>Gabh mo leithscéal.<br>Tá / Níl sé sin go maith/ go dona.<br>Cad a cheapann tú?<br>Ar fheabhas / go dona.<br>Is féidir liom leadóg a imirt / sacar a imirt.<br>An bhfuil tú in ann…..?<br>Tá brón orm, ní fhaca mé tú.<br>Tá brón orm, ní raibh a fhios agam go raibh tú ansin.<br>Tá díomá orm.<br>Tá súil agam…<br>Dé Sathairn seo caite … Aréir …. Arú inné<br>An bhfuil orm/orainn é seo a dhéanamh? | Cailín / buachaill anmhaith / an-deas / dána is ea é/í.<br>Chonaic mé é/í ar maidin.<br>Níl a fhios agam cá bhfuil sé/sí.<br>Beidh sé ar ais amárach.<br>Chuala…… D'ith mé / d'ól mé ……. Chuaigh ……..<br>Tá sé tirim / ag cur baistí / ag cur sneachta / arís / anois.<br>Cad is dóigh leat?<br>Cén t-am? (leathuair tar éis, ceathrú tar éis, ceathrú chun)<br>Cén fáth? Mar ………..<br>Ní thuigim.<br>Cé mhéad atá air?<br>An féidir leat cabhrú liom?<br>Cad is brí le x ?<br>Litrigh x más é do thoil é.<br>Cén Ghaeilge atá ar x ?<br>Abair é sin arís más é do thoil é.<br>Ar chuala tú?<br>Tá an lá go hálainn / go dona / fliuch / fuar / go deas.<br>Ar dtús, Ansin,Tar éis tamaill ,Leis sin,Sin é.<br>Ceart go leor mar sin.<br>Tá deifir orm anois |
| **Rang a 5 & 6:** | Dia is Muire daoibh.<br>Dia is Muire duit/daoibh is Pádraig | An bhfuil cead agam teacht isteach / bheith ar dtús? | An bhfuil aithne agat ar an duine seo?<br>Ca bhfuil an x? | Beidh an cluiche ar siúl ar a trí a chlog amárach.<br>Tá beirt – deichniúr as |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Slán agus go n-éirí an bóthar leat.<br>Feicfidh mé tú/sibh níos déanaí/amárach.<br>An féidir liom labhairt leat /ar feadh nóiméad<br>Comhghairdeas.<br>Déanaim comhbhrón leat.<br>Beidh lá eile agat/agaibh. | Míle buíochas.<br>Cad mar gheall ar ….?<br>An dtiocfaidh tú go dtí … ?<br>Tiocfaidh / Ní thiocfaidh.<br>Go raibh maith agat don chuireadh / ach ní féidir liom dul mar ……<br>Geallaim duit nach féidir leat X a dhéanamh. | Níl mé cinnte.<br>B'fhéidir go bhfuil sé san ospidéal / tinn.<br>An mbeidh sé anseo / an bua againn an dóigh leat?<br>Beidh gan dabht / gan amhras.<br>Níl /Tá mé cinnte.<br>An dtaitníonn _ leat?<br>Taitníonn / Ní thaitníonn.<br>B'fhearr liom x ná y.<br>Ba mhaith liom deoch a fháil / leabhar a léamh / leabhar nua a cheannach / dul ag snámh / dul amach ag súgradh.<br>Cad ba mhaith leat a dhéanamh?<br>Cé acu ab fhearr leat?<br>B'fhearr liom x ná y.<br>Aontaím / Ní aontaím<br>An n-aontaíonn tú?.<br>Tá sé sin fíor / bréagach.<br>Is mór an trua é.<br>Tá súil agam go dtiocfaidh sé/sí.<br>Táim ag súil go mór le<br>Anuraidh … Ar dtús … Ansin …. Tar éis tamaill … faoi dheireadh<br>Caithfidh mé dul a chodladh go luath mar … | láthair.<br>B'fhéidir go bhfuil sé/sí<br>Beidh an bus déanach inniu.<br>Glaofaidh mé ort/oraibh nuair a bheidh sé in anseo.<br>Ná bígí ag pleidhcíocht.<br>Thug sé dom é.<br>Cad é do thuairim?<br>Cén sort /saghas?<br>Cén praghas?<br>Meas tú?<br>Ní feidir liom é a dhéanamh.<br>Conas a deireann tú / a déarfá?<br>Conas a litríonn tú / litreofá ?<br>Abair é go mall le do thoil.<br>Tá tú ag obair go crua /dian.<br>Fan go bhfeicfidh mé.<br>Mar sin / dá bhrí sin<br>Caithfidh mé imeacht.<br>Beidh mé ag caint leat arís.<br>Feicfidh mé arís/amárach / níos déanaí thú. |

## Aguisín 2: Cluichí Chlois

| | |
|---|---|
| **Deir Ó Grádaigh:** | Bíonn duine amháin ag tabhairt ordaithe.<br><br>**Teanga:** Deir Ó Grádaigh "Seasaigí suas/suígí síos/crom síos/ardaigh do lámha/sín amach do lámha/cuir suas na lámha/cuir do lámh chlé suas san aer/seas ar chos amháin/bí ag rith/bí ag léim/bí ag siúl/seasaigí ar chos amháin/cuir do lámh ar do bhéal, do smig, do chluasa, do shúile, do cheann, |

| | |
|---|---|
| | do bhásta/cuir do lámh dheas ar do ghlúin chlé, ar do ghualainn chlé”.<br><br>Tugtar treoir eile m.sh. “**Cas timpeall”**. Ní leantar an treoir sin mar nár dúradh “Deir Ó Grádaigh” ar dtús. Má leanann páiste an treoir tá sé/sí amuigh. |
| **Cén t-am é, a mhactíre?** | **Teanga:** Múintear í seo roimhré le cabhair an chloig.<br><br>**Ceist:** **“Cén t-am é, a mhactíre?”**<br><br>**Freagraí:** **Tá sé a haon a chlog/a dó a chlog/a dó dhéag a chlog. Tá sé ceathrú chun/ceathrú tar éis a _____. Tá sé cúig/deich/fiche nóiméad chun/tar éis a ____.Tá sé leath uair tar éis a ____. Tá sé in am bricfeasta/in am lóin/in am dinnéir.** |
| **“Mactíre” agus “Caoirigh”** | Seasann na caoirigh i gciorcal timpeall an mhactíre ag glaoch “Cén t-am é, a mhactíre?” Freagraíonn an mactíre “Tá sé a dó a chlog” agus tógann na páistí dhá chéim ina threo. Leanann sé seo ar aghaidh go dtí go bhfreagraíonn sé: “Tá sé in am lóin/am dinnéir…”. Ritheann na caoirigh agus ritheann an mactíre ina ndiaidh. Má bheireann an mactíre ar aon chaora sin é/í an chéad mhactíre eile. |
| **An Cat agus an Luch** | Seasann na páistí i gciorcal le greim lámha ar a chéile. Roghnaítear an “Cat” agus an “Luch”. Déanann an cat a dhícheall breith ar an luch ag rith ina dhiaidh isteach agus amach as an gciorcal. Bíonn na páistí ag glaoch os ard orthu.<br><br>**Teanga:** rith/go sciopaidh/go tapaidh/déan deifir/beir air/beir uirthi/rith an treo eile/isteach/amach/tabhair seans eile dó/tabhair seans eile di//tá tú gafa/tá tú aige/tá tú aici/mí-ádh/fág an bealach/comhghairdeas/go n-éirí leat/go n-éirí libh/cluiche iontach |
| **Deilbh** | Roghnaítear dhá fhoireann. Glaoítear ainmneacha ar na foirne. Bíonn foireann amháin ag iarraidh breith ar an bhfoireann eile. Nuair a bheirtear ar pháiste seasann sé/sí socair mar dhealbh go dtí go scaoileann páistí eile ón bhfoireann chéanna saor é/í tré lámh a leagan air/uirthi. Bíonn deireadh leis an gcluiche nuair a bheirtear ar na páistí uilig.<br>**Teanga**: an bhfuil sibh réidh?/rith/déan deifir/mí-ádh/tá tú gafa/tá tú agam/is dealbh tú/tá tú saor/beir air/beir uirthi/tá tú ró-thapaidh/tá tú ró-sciopaidh/tá tú ró-mhall/tabhair seans eile dom/cluiche iontach/níl ach cúig noiméad fágtha/tá an t-am istigh. |
| **Soilse** | Pioctar ceannaire/captaen. Ritheann/siúlann/léimeann (roghnaigh gníomhaíocht amháin) na páistí timpeall an chlóis. Glaonn an ceannaire amach dathanna na soilse tráchta:<br>Glas = téigh ar aghaidh<br>dearg=stop agus bí i do dhealbh |

| | |
|---|---|
| | ómra=téigh níos moille<br><br>Caithfidh na páistí na hordaithe a leanacht nó má théann páiste sa treo mícheart tá sé/sí amuigh.<br><br>**Teanga:** Rithigí/siúiligí/bí ag léim/bí ag scipeáil/glas/dearg/ómra/bí i do dhealbh, níos moille/ tá tú amuigh/ tabhair seans eile dom/maith thú/maith sibh. |
| **Beir, ná beir!** | Seasann na páistí i gciorcal. Seasann páiste eile i lár an chiorcail agus liathróid beag aici/aige. Glaonn an páiste seo amach "beir ar an liathróid" nó "ná beir ar an liathróid" agus ansin caitheann sé/sí an liathróid go sciopaidh chuig duine éigin sa gciorcal. Caithfidh an páiste sin an treoir a leanacht.<br><br>**Teanga:** an bhfuil sibh réidh?/mí-ádh/beir air/beir uirthi/tá tú ró-mhall/tabhair seans eile dom/cluiche iontach/níl ach cúig noiméad fágtha/tá an t-am istigh. |

**<u>Aguisín 3: Léitheoireacht</u>**

| | |
|---|---|
| **Réamhléitheoireach**t | • Labhair le na páistí faoin gclúdach, pictiúr, údar<br>• Tabhair deis do na páistí an scéal a thomhais ó na pictiúir<br>• Múin na focail/frásaí nua:<br>- Féach agus abairt a úsáid<br>- Foghraíocht a úsáid<br>- Cluiche kim/ 'cad a thóg mé?' le na focail/frásaí nua a imirt<br>- Cluiche cuimhne a imirt<br>- Eolas a bhailiú ó na páistí (brainstorming)<br>• Súil tapa ar an scéal:<br>- Cé mhéad alt atá le léamh?<br>- Pioc amach na focail i gcló trom/le ceannlitreacha<br>• Spléachadh ar an téacs:<br>- Pioc amach agus cuir líne faoin gcaint dhíreach<br>- Pioc amach agus cuir líne faoi na ceisteanna. |
| **Tréimhse Léitheoireachta** | • Léigh an scéal iomlán:<br>- múinteoir ag léamh do na páistí<br>- múinteoir ag léamh le na páistí<br>- na páistí ag léamh.<br>• Roghnaigh aisteoirí chun línte na gcarachtar a léamh<br>• Cuirtear mím leis an téacs<br>• Aithrítear na haisteoirí agus léitear an scéal trí nó ceithre h-uaire<br>• Roinn an rang i ngrúpaí agus léigh an scéal i bhfoirm dráma raidió |

| | |
|---|---|
| | • Iarr ar na páistí an scéal a léamh go ciúin agus líne a chur faoi na focail/frásaí nua<br>• Iarr ar na páistí codanna den scéal a léamh ag fágáil fuaime consain tosaigh éigin amach mar shampla Chuaigh Seán ag snámh gan an fhuaim ‘s’ a rá<br>• Iarr ar na páistí codanna den scéal a léamh na gutaí fada le na gutaí fada fágtha amach. |
| **Iarléitheoireacht** | • Bailigh aon eolas breise atá faighte ag na páistí<br>• Athchruthú abairte (Bhí Pól amuigh sa chlós – Bhí Mamaí amuigh sa ghairdín)<br>• Fogharluach na litreach – Liosta focail a thosú le ___. Cuir na focail i gcatagóirí<br>• Cluiche “Hangman” a imirt le na focail ón scéal<br>• Cuardachfocail a dhéanamh le focail ón scéal<br>• Cum abairt nua leis na frásaí nua ón scéal<br>• Scríobh amach na línte díreacha ar an gclár dubh agus deán agallamh beirte leo<br>• Cum cartún den scéal le béim ar an gcaint dhíreach (ag úsáid bolgáin cainte) |
| **Rang a 3 & 4** | **Rang a 5 & 6 Gníomhacht Léitheoireacht** |
| Treoracha a leanúint m.sh sa halla ‘Rith go bun an halla’ ; Léamh agus mím a dhéanamh; Cluichí boird; Cluichí bingo; Scrabble; Crosfhocail; Dánta nó amhráin a léamh nó a chur in ord; Píosa léitheoireachta briste suas – cuir ar ais le chéile; Tóirfhocail | Treoracha do chluichí boird; Ábhar dílis m.sh. sceideal do TG4 o Clár an chluiche ceannais ; Fógraí sa scoil ; Clár ama na scoile; Ábhair atá scríofa ag daltaí eile; Dánta agus amhráin; Focal ar fhocal – píosa a chur ar ais le chéile; Focail nó frásaí nó abairtí a bhaint de scéal; Scéal meascaithe; Cuir in ord : focail nó abairtí nó dánta ; “Ansin”-sa deireadh,tar éis tamaill; Léamh agus mím a dhéanamh;Scrabble;An crochadóir; Crosfhocail; Tóirfhocail; Focail as focail: Tráthnóna : tá , trá , rá ná; Leadóg Focail |

**<u>Aguisín 4: Scríbhneoireacht Foirmiúil</u>**

| | |
|---|---|
| Tús na Scríbhneoireacht | • a (h) ainm féin<br>• nuacht phearsanta<br>• cártaí d’ocáidí éagsúla — don rang,do rang eile do dhaoine eile…<br>• fógraí , lipéid<br>• biachlár<br>• dialann bia<br>• cuireadh agus freagra<br>• liostaí éagsúla: bréagáin , siopadóireacht<br>• bolgáin cainte a líonadh |

| | |
|---|---|
| | • pictúir agus lipéid<br>• ag cumadh abairtí as focalchártaí / fráschártaí<br>• abairtí a chóipeail<br>• abairtí briste a chur le cheile<br>• pictiúr a tharraingt / lipéad |
| Rang 3 & 4 | • ainm agus seoladh (logainmeacha) cárta aitheantais<br>• nuacht phearsanta<br>• cártaí: cártaí poist, cártaí aitheantais...<br>• fógraí don scoil, don pháipéar m.sh. an sorcas teacht nó póstaer nó fógraí m.sh. rud le díol<br>• madra caillte<br>• biachlár<br>• cuireadh agus freagra<br>• agallamh<br>• dialann<br>• an crochadóir<br>• crosfhocail<br>• tóirfhocail<br>• scéal a scríobh<br>• dánta a scríobh m.sh. acrostics<br>• ríomhaire m. sh. An scríbhneoir óg<br>• cloze – ag díriú isteach ar ghnéithe éagsúla m. sh ag<br>• scéalta simplí<br>• dán nó amhrán a chur in ord |
| Rang a 5 & 6 | • ainm, seoladh (logainmeacha) cárta aitheantais<br>• cárta aitheantais do dhuine cáiliúil<br>• nuacht phearsanta<br>• cártaí<br>• litreacha<br>• fógraí, postaer ,ticéid — clár an chluiche — próifílí<br>• biachlár na seachtaine, féasta meáin oíche , oíche shamhna<br>• cuireadh agua freagra<br>• an crochadóir<br>• crosfhocail<br>• tóirfhocail<br>• scéal a scríobh<br>• agaillimh<br>• dialainn<br>• ríomhaire<br>• cloze ag díriú isteach ar ghnéithe éagsúla m. sh. ag…. na…<br>• nuachtlitir<br>• ráth na gceist |

| | |
|---|---|
| | • fuíoll leabhair<br>• clár an chluiche<br>• lipéid nó fógraí |

**Aguisín 5: Saor Scríbhneoireacht**

| | |
|---|---|
| Rang 1 & 2 | • Nuacht na maidine a choipéail.<br>• Abairt nó dhó a chur leis más féidir.<br>• Cúpla abairt a scríobh faoi pictiúr. |
| Rang 3 | • Nuacht na maidine a choipéail.<br>• Abairt nó dhó a chur leis.<br>• Cúpla abairt a scríobh faoi pictiúr.<br>• Scéalín beag (4-5 abairtí) a scríobh le scafall.<br>• Cúpla abairt (saor scríbhneoireacht) le abairtí iontacha |
| Rang a 4 | • Nuacht na maidine a choipéail.<br>• Abairt nó dhó a chur leis.<br>• Cúpla abairt a scríobh faoi pictiúr.<br>• Scéalín beag (7-8 abairtí) a scríobh le scafall.<br>• Saor scríbhneoireacht le abairtí iontacha |
| Rang a 5 | • Scéalta gearra a scríobh le cabhair ó abairtí iontacha<br>• Abairtí a scríobh faoi pictiúr.<br>• Tabhairt faoi scríobh i séanraí scríbhneoireachta éagsúla le cabhair ó frámaí scríbhneoireachta. (Ath-insint, Insint, Sóisialta)<br>• Tabhairt faoi aiste a chur le chéile le cabhair ó fráma scríbhneoireachta.<br>• Saor scríbhneoireacht le abairtí iontacha |
| Rang a 6 | • Scéalta gearra a scríobh le cabhair ó abairtí iontacha<br>• Abairtí a scríobh faoi pictiúr.<br>• Tabhairt faoi scríobh i séanraí scríbhneoireachta éagsúla le cabhair ó frámaí scríbhneoireachta. (Ath-insint, Insint, Sóisialta)<br>• Aiste a scríobh le cabhair ó fráma scríbhneoireachta.<br>• Saor scríbhneoireacht le abairtí iontacha |